Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2018
(OR. en)

14277/18

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0237(COD)**

**TRANS 543**
**CODEC 2000**
**CONSOM 317**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13760/18 TRANS 493 CODEC 1856 CONSOM 301 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 12442/17 TRANS 370 CODEC 1477 CONSOM 307 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú)<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## 1. RÉAMHRÁ

Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle ar an 27 Meán Fómhair 2017. Tá an togra á chur ar aghaidh trí theicníocht an athmhúnlaithe.

Ar na príomhchúiseanna a bhí ag an gCoimisiún leis an athbhreithniú a chur ar aghaidh, bhí go rabhthas ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a ceapadh a bheith ann i ndáil le cásanna *force majeure*, úsáid na ndíolúintí, cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus infhaighteacht *tréthicéad* mar a thugtar orthu mar aon le faisnéis fúthu.

## 2. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Bogusław LIBERADZKI (SD, PL) mar rapóirtéir. Ghlac an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) tuairim maidir le teicníocht an athmhúnlaithe, dár dáta an 28 Feabhra 2018, agus ghlac an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) a thuairim maidir le substaint an togra, dár dáta an 5 Meitheamh 2018.

Chaith TRAN vóta i ndáil leis an tuarascáil ar an 9 Deireadh Fómhair 2018. Ar an 15 Samhain 2018, chaith an Pharlaimint vóta i ndáil leis an tuarascáil ag an seisiún iomlánach a bhí aici, agus ghlac sí mar sheasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh é.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 531ú seisiún iomlánach, an 18 Eanáir 2018. Chinn Coiste na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

D'eisigh Meitheal Chomhairliúcháin Sheirbhísí Dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin tuairim maidir le teicníocht an athmhúnlaithe ar an 19 Feabhra 2018.

## 3. AN OBAIR AG AN GCOMHAIRLE AGUS I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre maidir leis an togra an 29 Meán Fómhair 2017 le cur i láthair ginearálta faoi. Ar an 5 Deireadh Fómhair 2017 rinneadh anailís ar an measúnú tionchair. Cuireadh an togra freisin faoi bhráid na Meithle um Chosaint agus Faisnéis na dTomhaltóirí mar eolas di.

Cuireadh an Chomhairle (Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar)) ar an eolas, faoi *Aon Ghnó Eile*, maidir le staid imeartha an chéad scrúdaithe ar an 5 Nollaig 2017 (14637/17).

Cuireadh bailchríoch ar an gcéad scrúdú le linn Earrach 2018 agus cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn i láthair ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) ar an 7 Meitheamh 2018 (8721/18).

## 4. AG OBAIR I DTREO TÉACS COMHRÉITIGH

Thíolaic an Uachtaránacht a céad togra comhréitigh maidir le scrúdú ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, lena gcumhdaítear Caibidil I, Caibidil II agus Caibidil III. Tá téacs sealadach maidir leis an obair atá déanta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo (13760/18 ADD 1).

Ba é an príomhchuspóir a bhí ag an Uachtaránacht an plé a rinneadh maidir leis na trí chaibidil sin a chur chun cinn agus na hairteagail a chur i gcrích a oiread is féidir. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí ar an mórgóir na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht i ndáil leis na chéad trí chaibidil. Rinneadh dul chun cinn sna chéad trí chaibidil sin, agus tá treoir ar fáil don phlé amach anseo dá bharr.

Cé go raibh roinnt toscaireachtaí ann a chuir forchoimeádas grinnscrúdaithe isteach maidir le codanna de théacs comhréitigh na hUachtaránachta, bhí roinnt eile ann inarb ann fós dá bhforchoimeádas maidir leis an togra tosaigh.

Liostaítear i gcoitinne na príomhábhair imní thíos, de réir caibidle, mar aon le barúlacha eile a tharraing na Ballstáit anuas le linn an phlé. Is éard is aidhm leis sin treoir a chur ar fáil agus tuilleadh oibre a éascú maidir le tuairim deiridh na Comhairle faoin rialachán seo.

### 4.1. Caibidil I

#### (a) Ábhair éagsúla (Airteagal 1)

D'iarr Ballstáit áirithe go léireofaí go soiléir sa raon feidhme go ndéanfar foráil sa rialachán d'íosleibhéal cosanta lenar féidir cearta paisinéirí a chosaint níos fearr. Mheabhraigh roinnt Ballstát nach mór an téarmeolaíocht a bhaineann le daoine faoi mhíchumas nó ag a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe a bheith ag teacht le torthaí na hIonstraime um Inrochtaineacht, a raibh caibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar bun ina leith tráth a raibh an plé ann (féach freisin Airteagal 2).

**(b) Raon feidhme (Airteagal 2)**

Ba dhíol sásaimh do roinnt Ballstát gur céim sa treo ceart is ea an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, sa mhéid go soiléirítear ann go bhféadfaí seirbhísí trasteorann laistigh den Aontas a dhíolmhú ó raon feidhme an Rialacháin. Mar sin féin, maidir le raon feidhme mhír 1, is iomaí tuairim éagsúil i measc na mBallstát ina leith; chuir roinnt Ballstát in aghaidh an togra ó Bhallstát gach modh iompair intíre a dhíolmhú.

Bhí amhras ar roinnt Ballstát faoi cur chun chun feidhme na gceanglas a leagadh síos go mór mór i gcás an mhéid seo a leanas: "… *go n-áirithítear* ***go hiomchuí*** …" agus "… cuid ***shuntasach*** …" agus faoi chur i bhfeidhm Chaibidil V ar gach aon seirbhís iarnróid nach bhféadfar a dhíolmhú ó raon feidhme an Rialacháin. Bhí roinnt Ballstát i gcoinne an tseanmhír 4 a scriosadh, ós rud é gur tugadh an díolúine i roinnt cásanna cheana, bunaithe ar an mbonn tuisceana go bhféadfaí í a athnuachan. Ina theannta sin, d'iarr roinnt Ballstát nach ndéanfaí crostagairt don Ionstraim um Inrochtaineacht, ós rud é nach fios cén toradh a bheidh ar an obair sin go fóill (féach Airteagal 1).

D'iarr Ballstát amháin go bhféadfaí seirbhísí nach gcuirtear ar fáil ach le haghaidh leasanna stairiúla nó turasóireachta a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin.

**(c) Sainmhínithe (Airteagal 3)**

Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn sa phlé i ndáil leis na sainmhínithe a bhuí leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, is léir nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar an Airteagal a luaithe agus atá comhaontú ann i ndáil leis an gcuid eile den togra.

D'fhéadfaí achoimre a dhéanamh ar na barúlacha ó na Ballstáit mar seo a leanas:

- D'fhéadfadh gur gá eagarthóireacht a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'dhíoltóir ticéad' agus athbhreithniú níos substaintí a dhéanamh air i bhfianaise díolacháin nua ticéad ar líne.

- Ní mór go mbeadh na sainmhínithe seo a leanas: 'tréthicéad', 'bainisteoir bonneagair', 'gnóthas iarnróid', 'an t-iompróir', 'an t-iompróir ionadach', 'duine faoi mhíchumas agus duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe' ag teacht leis an reachtaíocht faoi seach sa réimse, go mór mór an treoir maidir le rialachas iarnróid, rialacha COTIF maidir le cearta paisinéirí agus an Ionstraim um Inrochtaineacht.

- Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'stáisiún' mar aon le húsáid an téarma síos tríd an téacs de réir roinnt Ballstát. Moladh leasú a dhéanamh ar an téacs i ndáil leis sin.

**4.2. Caibidil II**

**(a) Coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha an chonartha iompair (Airteagal 5)**

Mheas roinnt Ballstát go raibh an téacs atá beartaithe róleathan. Áitíodh go raibh tionchar ag áit chónaithe an chustaiméara ar mhéid na bhfóirdheontas maidir le seirbhísí iompair fo-uirbeacha atá ann. Ina theannta sin, thug roinnt toscaireachtaí dá n-aire go bhféadfadh an Airteagal *de facto* an iomaíocht agus tairiscintí speisialta a thoirmeasc i gcás na ngnóthas agus na ndíoltóirí.

**(b) Rothair (Airteagal 6)**

Bhí roinnt Ballstát den tuairim gur rud dearfach a bhí sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht cé gur mheas Ballstáit eile nach leor é mar théacs comhréitigh. Ar an iomlán, is iomaí tuairim atá ann faoin Airteagal as measc na mBallstát. Chuir Ballstáit eile in aghaidh an togra ó na Ballstáit an ceart a bheith ag gnóthais iarnróid rochtain a dhiúltú do rothair, rinne na Ballstáit úd áitiú ar son rochtain níos éasca a bheith ann. Mhol roinnt Ballstát go ndéanfaí modhnuithe eagarthóireachta, agus "*cúiseanna oibríochta*" a athrú go "*cúiseanna maidir le sábháilteacht*" agus na coinníollacha a chur leis nach mór a bheith ann i gcás rothstoic faoi seach chun gur féidir sin a dhéanamh. Tharraing roinnt Ballstát an tsaincheist anuas an bhféadfaí rothair a mheas mar 'bhagáiste cláraithe' agus chuir siad ábhair imní in iúl maidir le rothair atá rómhór agus ar cheart caitheamh leo ar an mbealach céanna. Ar deireadh, mheabhraigh Ballstáit áirithe go gcumhdaítear cheana féin sna sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (Rialachán (AE) 454/2011 ón gCoimisiún) rothair a iompar ar thraenacha.

**(c) Oibleagáid chun faisnéis a sholáthar maidir le scor seirbhísí iarnróid (Airteagal 8)**

Chuir an Uachtaránacht an plé siar go dtí dtiocfar ar réiteach faoin Ionstraim um Inrochtaineacht.

**(d) Faisnéis iompair (Airteagal 9)**

Bhí amhras ar roinnt Ballstát ar cheart oibleagáidí a fhorchur ar dhíoltóirí ticéad agus ar cheart na hoibleagáidí sin a bheith comhréireach le méid ghnó an díoltóra ticéad. Bhí roinnt Ballstát a bhí go mór in aghaidh tuilleadh oibleagáidí a bheith ar dhíoltóirí ticéad.

Bhí Ballstáit áirithe ann a d'iarr go saineofaí ar bhonn níos cruinne cibé sonraí fíor-ama ar cheart a tharchur chuig na paisinéirí.

**(e) Ticéid, tréthicéid agus áirithintí a bheith ar fáil (Airteagal 10)**

Aithníodh ar an mórgóir gur céim dhearfach chun cinn a bhí sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht. Bhí amhras ar roinnt Ballstát an riachtanach oibleagáid shainráite chun tréthicéid a sholáthar agus an bhféadfaí sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní mór leanúint den phlé faoin Airteagal seo i bhfianaise an ama teoranta atá ar fáil.

**4.3. Caibidil III**

**(a) Árachas agus cumhdach i gcás bás paisinéara nó díobháil phearsanta do phaisinéir (Airteagal 12)**

Bhí tacaíocht shealadach ann don ailíniú a bhí beartaithe sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, cé nach mór aird níos mó a thabhairt ar na sonraí teicniúla.

## 5. <u>CONCLÚIDÍ</u>

Cuireann an Uachtaránacht i dtreis a thábhachtaí atá sé cearta paisinéirí a chosaint, ach sin a dhéanamh ar shlí atá cothrom agus cliste d'fhéadfaí a tharraingtí atá na seirbhísí iarnróid a fheabhsú.

Ainneoin an t-ualach trom oibre a bhain le *Pacáistí Soghluaisteachta I, II agus III,* chuir Uachtarán na hOstaire acmhainní go leataobh chun an obair maidir leis an togra a bhogadh ar aghaidh. Léiríonn an plé atá ar bun sa Chomhairle, mar sin féin, nach aon dóithín é réiteach cothrom atá ceart go teicniúil a bhaint amach; agus go mbeadh scrúdú cuimsitheach mionsonraithe de dhíth faoin sainmhíniú ar an rogha beartais is oiriúnaí.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an scrúdú ar an rialachán atá beartaithe a thabhairt dá n-aire.